Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**15231/19**

**ATO 109**
**RECH 528**
**SAN 525**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 19 Nollaig 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14564/19 ATO 100 RECH 506 SAN 489 |
| Ábhar: | Bainistiú dramhaíola sna húsáidí neamhfhuinnimh a bhaintear as teicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le bainistiú dramhaíola sna húsáidí neamhfhuinnimh a bhaintear as teicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha, a ghlac an Chomhairle Comhshaoil ag an 3741ú cruinniú a bhí aici ar an 19 Nollaig 2019.

**IARSCRÍBHINN**

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

maidir le bainistiú dramhaíola sna húsáidí neamhfhuinnimh a bhaintear as teicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha

Ag aithint di

- go bhfuil ról tábhachtach ag teicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha lasmuigh den earnáil fuinnimh núicléach i réimsí ríthábhachtacha, amhail leigheas, tionscal, talmhaíocht, spás, taighde agus an comhshaol, agus go gcuirtear ar fáil leo tairbhí do shaoránaigh den Aontas Eorpach agus gurb eol di gur féidir leis an eolaíocht núicléach rannchuidiú go mór chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha;
- go gceanglaítear le reachtaíocht Euratom go gcaithfidh bonn cirt iomchuí a bheith le húsáid neamhfhuinnimh a bhaint as teicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha, go ndéantar cosaint an phobail, othar agus ball foirne ar radaíocht a bharrfheabhsú agus go ndéantar dramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta a bhainistiú agus a dhiúscairt ar bhealach sábháilte;
- go dtáirgeann gníomhaíochtaí i dteicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha breosla spíonta agus/nó dramhaíl radaighníomhach i ngach Ballstát;
- Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte ar bhreosla spíonta agus ar dhramhaíl radaighníomhach chun nach bhforchuirtear ualaí míchuí ar na glúine atá le teacht;
- Treoir 2006/117/Euratom ón gComhairle an 20 Samhain 2006 maidir le maoirseacht agus rialú loingsithe ar dhramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta, ionas go ráthaítear cosaint leordhóthanach don daonra;
- Treoir 2009/71/Euratom an 25 Meitheamh 2009 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le sábháilteacht núicléach na suiteálacha núicléacha agus Treoir 2014/87/Euratom ón gComhairle an 8 Iúil 2014 lena leasaítear Treoir 2009/71/Euratom;

- An Coinbhinsiún Comhpháirteach maidir le sábháilteacht i mbainistiú breosla spíonta agus maidir le sábháilteacht i mbainistiú dramhaíola radaighníomhaí;
- cláir náisiúnta na mBallstát maidir le bainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí lena gcumhdaítear gach cineál breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí atá faoina ndlínse agus gach céim den bhainistiú a dhéantar orthu, ó chéim na giniúna go céim na diúscartha;
- tuarascálacha na mBallstát maidir le cur chun feidhme Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle agus tuarascálacha maidir le cur chun feidhme Threoir 2006/117/Euratom ón gComhairle;
- tuarascálacha náisiúnta na bPáirtithe Conarthacha i ndáil leis an gCoinbhinsiún Comhpháirteach maidir le sábháilteacht i mbainistiú breosla spíonta agus maidir le sábháilteacht i mbainistiú dramhaíola radaighníomhaí;
- conclúidí 2019 ón gComhairle maidir le teicneolaíochtaí agus feidhmeanna núicléacha agus raideolaíocha neamhchumhachta;
- AG TABHAIRT DÁ hAIRE di an tuarascáil i ndáil leis an Staidéar Eorpach ar Fheidhmeanna Míochaine, Tionsclaíochta agus Taighde na Teicneolaíochta Núicléiche agus Radaíochta (ISBN 978-92-79-99659-7);
- AG TABHAIRT DÁ hAIRE an obair leanúnach atá á déanamh ar Anailís Thagarmharcála ar Chuir Chuige na mBallstát maidir le Fardail Náisiúnta Dramhaíola agus Breosla Spíonta a Shainmhíniú;
- AG TABHAIRT DÁ hAIRE an obair a rinneadh i gclár taighde agus oiliúna Euratom 2014-2018 agus faoi chlár oibre Euratom 2019-2020 atá ar bun faoi láthair; maidir le taighde agus forbairt i ndáil leis na teicneolaíochtaí agus na hinniúlachtaí i réimsí ábhartha amhail bainistiú dramhaíola agus cosaint ar radaíocht;
- AG TABHAIRT DÁ hAIRE torthaí cheardlann SAMIRA - ceardlann maidir le bainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí a bhíonn mar thoradh ar na húsáidí neamhfhuinnimh a bhaintear as teicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha, a d'eagraigh an Coimisiún agus Uachtaránacht na Fionlainne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh sa Bhruiséil i mí na Samhna 2019;
- AG TABHAIRT DÁ hAIRE DI torthaí na ceardlainne i ndáil le hanailís tagarmharcála ar chuir chuige na mBallstát maidir le fardail náisiúnta dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta a shainmhíniú, a d'eagraigh an Coimisiún sa Bhruiséil i mí na Samhna 2019.

Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh,

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair ullmhúcháin arna déanamh ag an gCoimisiún d'fhonn clár oibre straitéiseach d'fheidhmeanna míochaine, tionsclaíochta agus taighde (SAMIRA) teicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha a fhorbairt.

2. AITHNÍONN SÍ go mbíonn tionchar dearfach ag na húsáidí neamhfhuinnimh a bhaintear as feidhmeanna núicléacha agus raideolaíocha ar shláinte na sochaí. Dá bhrí sin, ba cheart saolré iomlán na húsáide neamhfhuinnimh a bhaintear as feidhmeanna núicléacha agus raideolaíocha a chur san áireamh agus na feidhmeanna sin á bhfeidhmiú.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtagann cineálacha éagsúla sruthanna dramhaíola as na húsáidí neamhfhuinnimh a bhaintear as teicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha. De ghnáth, gintear dramhaíl i gcainníochtaí beaga ag láithreacha dáilte, le cineálacha agus airíonna éagsúla, agus cuirfear le bainistiú dramhaíola sna blianta atá amach romhainn.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-eascraíonn na riachtanais bainistithe dramhaíola sna Ballstáit ó ghníomhaíochtaí éagsúla a dhéantar sa tsochaí. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin breosla spíonta ó imoibreoirí taighde agus tástála, dramhaíl radaighníomhach ó oibriú agus díchoimisiúnú saoráidí taighde, dramhaíl radaighníomhach ó tháirgeadh raidiseatóp, dramhaíl radaighníomhach ó leigheas, agus foinsí séalaithe tréigthe.

5. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé cainníocht agus gníomhaíocht na dramhaíola radaighníomhaí a íoslaghdú, a mhéid is indéanta le réasún agus i gcomhréir le beartais náisiúnta agus le dlí an Chomhphobail, trí theicneolaíochtaí nó saoráidí nua bainistithe dramhaíola a fhorbairt agus a choimisiúnú.

6. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, gan dochar d'fhreagracht dheiridh na mBallstát maidir le dramhaíl radaighníomhach a ghintear ar a gcríocha a láimhseáil, a stóráil agus a dhiúscairt, gur cheart tús áite a thabhairt do láimhseáil, stóráil agus diúscairt fhreagrach shábháilte dramhaíola i ngach gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus fornáisiúnta.

7. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an fhreagracht atá ar na Ballstáit beartas náisiúnta a bheith acu do bhainistiú dramhaíola radaighníomhaí, lena n-áirítear dramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta a thagann as na húsáidí neamhfhuinnimh a bhaintear as teicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha.

8. AITHNÍONN SÍ gur cheart cur chuige grádaithe do shruthanna dramhaíola éagsúla a ghlacadh, agus go bhféadfadh na réitigh a bheith ag brath ar scála na n-úsáidí agus ar an gcéim ag a bhfuil na cláir chun úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha.

9. AITHNÍONN SI na straitéisí náisiúnta éagsúla maidir le bainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí; gur féidir leis na Ballstáit saoráidí láraithe nó dáilte a bheith acu don láimhseáil, stóráil agus diúscairt. Is féidir na gníomhaíochtaí sin a sholáthar trí eagraíochtaí poiblí nó príobháideacha.

10. AITHNÍONN SÍ nach bhfuil réitigh náisiúnta ar fáil go héasca nó indéanta le réasún i gcásanna áirithe. I ndáil leis an méid sin, d'fhéadfaí seirbhísí, saoráidí, agus saoráidí stórála nó diúscartha a chomhroinntear idir Ballstáit a mheas mar rogha mhalartach inmharthana. D'éileofaí cinntí polaitiúla agus glacadh sochaíoch, chomh maith le réitigh theicniúla agus dhlíthiúla, dá ndéanfaí na saoráidí stórála nó diúscartha a chomhroinnt mar sin idir Ballstáit. Ba cheart an cúram a bheith ar na Ballstáit, áfach, tabhairt faoi chomhar den chineál sin.

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-áirítear cláir taighde chomhchoiteanna ar an gcomhar idir na Ballstáit inniu, cláir atá ríthábhachtach chun réitigh agus eolas maidir le bainistiú dramhaíola a fhorbairt. Thairis sin, mhéadófaí líon na réiteach féideartha maidir le bainistiú dramhaíola ar an leibhéal náisiúnta agus fornáisiúnta araon le comhthiomsú teicneolaíochta, seirbhísí agus eolais.

12. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá cláir taighde agus oiliúna ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach chun réitigh agus dea-chleachtais a fhorbairt agus chun go gcothófaí an saineolas, na scileanna agus na hacmhainní i réimse an bhainistithe dramhaíola radaighníomhaí ó na húsáidí neamhfhuinnimh a bhaintear as teicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha. Ba cheart tacú le comhthiomsú na ngníomhaíochtaí oiliúna chun infhaighteacht agus raon feidhme an tsaineolais a mhéadú agus chun dea-chleachtais a chomhroinnt i measc na mBallstát uile.

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil na Ballstáit freagrach as an saineolas, na scileanna agus na hacmhainní is ábhartha dá riachtanais a chothú agus a fhorbairt. Tá sé ríthábhachtach, ó thaobh pleanála de agus chun freagairt do riachtanais a bheidh ann amach anseo, go ndéanfaí an saineolas, na scileanna agus na hacmhainní arb ann dóibh cheana a mhapáil. Ba cheart é sin a dhéanamh ar bhonn náisiúnta agus trí chomhar Eorpach amhail an Fhaireachlann Eorpach um Acmhainní Daonna.

14. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an fhreagracht atá ar na Ballstáit agus ar an gComhphobal sonraí maidir le dramhaíl radaighníomhach ó na húsáidí neamhfhuinnimh a bhaintear as teicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha a áireamh sna tuarascálacha maidir le bainistiú dramhaíola ar gach leibhéal.